## Scéim Cíosanna Difreálach Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2023

**(1) Dáta Tosaigh**

Beidh feidhm ag an Scéim seo ón 7ú Eanáir 2023. Is é seo an lá a bhfuil an chéad íocaíocht cíosa sheachtainiúil de 2023 dlite.

**(2) Ríomh Cíosa**

Beidh Cíos Difreálach arna ríomh de réir na scéime seo bunaithe ar ioncam reatha teaghlaigh. Áireofar leis seo ioncam an Phríomhshaothraí agus ioncam an fhoshaothraí.

**Príomhshaothraithe -** Is é an Príomhshaothraí an duine den teaghlach a fhaigheann an t-ioncam inmheasúnaithe is airde. Ríomhfar an cíos ar an ioncam seo ag 16 % d'ioncam inmheasúnaithe seachtainiúil an phríomhshaothraí, ar mó é ná €35.

**Foshaothraithe -** Is ionann foshaothraí agus aon duine eile sa teaghlach a bhfuil ioncam inmheasúnaithe acu. Tar éis cíos an phríomhshaothraí a mheasúnú, cuirfear an ríomh céanna i bhfeidhm ar ioncaim foshaothraithe sa teaghlach, ach sa chás seo, cuirfear uasteorainn €20 in aghaidh an duine ar ríomh an chíosa do gach foshaothraí.

**Laghduithe ar chíos ríofa**

Faoin Scéim seo laghdófar an cíos seachtainiúil €1 sa tseachtain do gach leanbh cleithiúnach. Is éard is leanbh cleithiúnach ann ná:

- duine faoi bhun 18 mbliana d' aois nach bhfuil ioncam neamhspleách aige nó aici nó,
- go bhfuil siad faoi bhun 23 bliain d'aois agus go bhfuil siad in oideachas lánaimseartha

For the purpose of this Scheme, a child or full-time student under 23 years of age is deemed to be mainly maintained by the Principal Earner/Subsidiary Earner if his/her income is less than €100 per week.

Chun críche na Scéime seo, meastar go bhfuil leanbh nó mac léinn lánaimseartha faoi bhun 23 bliain d'aois á chothabháil nó á cothabháil go príomha ag an bPríomhshaothraí/bhFoshaothraí má tá a (h)ioncam níos lú ná €100 in aghaidh na seachtaine.

**(3) Cineálacha Tionóntachta**

Beidh feidhm ag cíosanna arna ríomh de réir na Scéime seo maidir leis na catagóirí tionóntaí seo a leanas:

- Teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i maoin atá faoi úinéireacht nó ar léas ag an gComhairle
- Teaghlaigh a bhfuil cóiríocht curtha ar fáil ag an gComhairle dóibh faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos (SCC)
- Teaghlaigh a fhaigheann tacaíocht tithíochta sóisialta ón gComhairle tríd an Scéim um Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)
- Tionóntaí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) atá ag feidhmiú laistigh de Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. (Is faoin AHB faoi seach atá sé cíos a ríomh agus a bhailiú le haghaidh tionóntachtaí AHB).

Ní ghearrtar cíos difreálach ar chíos teaghlach a bhfuil cónaí orthu i gcineálacha áirithe Cóiríocht Shonrach don Lucht Siúil (amhail láithreáin stoptha). Ina áit sin, íocann siad cíos seasta.

**(4) Catagóirí Ioncaim Inmheasúnaithe**

Is iad seo a leanas na catagóirí foinsí ioncaim inmheasúnaithe faoin Scéim seo.

**(a) Ioncam ó Fhostaíocht**

Déantar measúnú ar dhuine fostaithe, go ginearálta, ar a bpá seachtainiúil lena n-áirítear ragobair, cáin ioncaim, muirear sóisialach uilíoch agus íocaíochtaí Á.S.P.C. (más infheidhme).

Déanfar íocaíochtaí ócáideacha cnapshuime bónais a eisiamh ó ríomh an chíosa ach amháin i gcásanna inar mó an méid atá i gceist ná aon trian den bhunphá. I gcásanna den sórt sin, déanfar measúnú ar an mbarrachas chun críocha cíosa. Tá gach íocaíocht rialta eile de chineál pá inmheasúnaithe.

Ní mór sonraí reatha ioncaim do gach áititheoir fostaithe i dteaghlach a bheith deimhnithe ag an bhfostóir cuí agus curtha faoi bhráid na Comhairle gach bliain agus/nó de réir mar a iarrtar. Ní mór do thionóntaí/áitribh a bhfuil conarthaí uaireanta nialasacha acu cóip den chonradh ábhartha agus Ráiteas Achoimre Deireadh na Bliana ar ÍMAT, ÁSPC agus MSU a chur isteach nuair atá siad ar fáil, nó cáipéisíocht chuí eile, chun cabhrú le hioncam inmheasúnaithe a chinneadh.

**(b) Ioncam ó Fhéinfhostaíocht**

I gcás daoine féinfhostaithe, cinnfear ioncam ar bhonn fianaise shásúil dhoiciméadach ar ioncam a chur isteach, amhail Fógra Measúnaithe Cánach nó Cuntais Dheimhnithe. Mura gcuirtear fianaise shásúil ioncaim isteach, déanfar measúnú ar chíos ar bhonn na n-ioncam toimhdithe atá liostaithe thíos agus d'fhéadfadh sé go mbeadh muirir phionóis bhreise i bhfeidhm.

**Slí bheatha**

**Glanioncam Toimhdithe**

Tiománaithe tacsaí — Úinéirí Pláta Ceadúnas €500

Tiománaithe Fruilchairr agus Atiománaithe €470

Lucht trádála €540

Gnó Neamh-Thrádála/Gnólachtaí Eile €470

**(c) Ioncam ó Leas Sóisialach**

Déanfar measúnú ar gach faighteoir leasa shóisialaigh de réir Alt (5) thíos. Sa chás nach soláthraítear sonraí, glacfar leis go bhfuil ioncam bunaithe ar uasteidlíochtaí Leasa Shóisialaigh agus d'fhéadfadh pionóis a bheith i gceist.

**(5) Ioncam inmheasúnaithe**

Déanfar measúnú iomlán ar ioncam ó na foinsí seo a leanas chun críocha cíosa:

a) ioncam ó fhostaíocht, lena n-áirítear daoine féinfhostaithe.

(b) Gach íocaíocht, liúntas agus pinsean árachais shóisialaigh agus cúnaimh shóisialaigh, liúntas CCÉ agus liúntas oiliúna SOLAS.

c) Ioncam ó aon phinsin nó ó fhoinsí eile nach n-áirítear ag (a) nó (b) thuas.

d) Beidh an ráta iomlán sochair/liúntas i bhfeidhm chun críche measúnú a dhéanamh ar chíos sa chás go bhfuil an duine dífhostaithe ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist laghdaithe, Liúntas Cuardaitheora Poist nó Liúntas Leasa Forlíontach faoi Alt 7-9 den Acht Leasa Shóisialaigh 2010.

(e) Forlíonadh ar Ioncam Teaghlaigh.

**<u>(6) Ioncam neamháirithe</u>**

Ní dhéanfar measúnú ar ioncam ó na foinsí seo a leanas chun críocha cíosa

• Sochar Linbh, Liúntas Dílleachta nó Pinsin do Dhílleachtaí

• An chéad €100 d’ioncam leanaí nó mac léinn lánaimseartha faoi bhun 23 bliain.

• Liúntais Cúraim Altrama

• Scoláireachtaí, Deontais Ardoideachais.

• Liúntais le haghaidh cúram baile

• Liúntais nó cúnamh a fhaightear ó aon eagraíocht charthanúil.

• Liúntas Maireachtála Aonair/Liúntas Breosla.

• Liúntas os cionn 80 bliain d’aois.

• Íocaíochtaí Riachtanas Eisceachtúla.

**<u>(7) Foinsí eile ioncaim:</u>**

Faoi réir teorainneacha ar chreidmheasanna siardhátaithe faoi Alt 14 den Scéim seo, déanfar na foinsí ioncaim atá liostaithe thíos a mheasúnú ó dháta an deimhniúcháin ar bhonn méid atá comhionann leis an ráta cuí Leasa Shóisialaigh.

• Tacaíochtaí fostaíochta ar nós Scéim Fostaíochta Pobail/Gateway/Tús/JobBridge

• Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas

• Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair/Liúntas Fiontraíochta Gearrthréimhseach

• Réimse Comhpháirtíochtaí — ar feadh 12 mhí

• Liúntas Cúramóra/Sochar. (Nóta: sa chás go bhfuil an Cúramóir fostaithe freisin, measúnófar an fhoinse ioncaim is mó chun críocha cíosa.)

**<u>(8) Ioncam toimhdithe agus muirir phionóis</u>**

Sa chás go n-iarrann an Chomhairle go sonrach go dtabharfaí sonraí ioncaim áirithe ar ais, ach nach gcuireann an tionónta iad ar fáil, forchoimeádaimid an ceart ioncam a ghlacadh agus/nó muirear pionóis a ghearradh chun críocha measúnachta.

**<u>(9) Buiséad an Teaghlaigh</u>**

Is é polasaí na Comhairle go gcaithfidh an tionónta/na tionóntaí foirm asbhainte Buiséad Teaghlaigh/Foirm Ordaithe Reachta a shíniú nuair is cuí.

**<u>(10) Uaschíos</u>**

Ní bheidh aon uaschíos ann.

**(11) Íoschíos**

Beidh aon mhuirir chíosa a ríomhtar faoin scéim seo faoi réir táille íosta €22.00 atá gan táillí breise faoi Alt 12 a áireamh.

**(12) Táillí breise**

Forchoimeádann an Chomhairle an ceart muirir bhreise a ghearradh ar chuntais chíosa a bhaineann le roinnt maoine. D'fhéadfadh na muirir seo a bheith ginearálta nó sonrach don fhorbairt ina bhfuil an mhaoin lonnaithe agus d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh iontu:

• Muirear cothabhála coire

• Táille téimh

• Muirear ar bhainistiú dramhaíola

**(13) Cíosanna socair**

Sa chás go bhfuil cíos socair i bhfeidhm, méadóidh an cíos €1 in aghaidh na seachtaine gach bliain. Féadfaidh tionóntaí, áfach, rogha a dhéanamh Cíos Difreálach a íoc a ríomhfar de réir fhorálacha na scéime seo.

**(14) Athruithe ar Imthosca Ioncaim nó Teaghlaigh**

Ba chóir aon mhéaduithe ar ioncam a chur in iúl don Chomhairle láithreach mar a tharlaíonn siad ionas nach gcuirfear cíosanna siardhátaithe i bhfeidhm.

Ba cheart go mbeadh cáipeisíocht ann chun tacú le hathruithe ar ioncam teaghlaigh ábhartha don tréimhse atá faoi athbhreithniú agus ba cheart é a chur ar fáil don Chomhairle a luaithe agus a bheidh sé ar fáil. Sa chás go gcuirtear cáipéisíocht den sórt sin isteach go déanach, ba cheart do thionóntaí a bheith ar an eolas nach ndéanfar creidmheasanna cíosa a shiardhátú (nuair is cuí) ach

Sa chás gur mian le tionóntaí duine breise a chur ar a gcuntas cíosa, tá sé d'oibleagáid orthu an fhoirm iarratais um Cheadúnú go Cónaithe atá ar fáil ón Rannóg Leithdháiltí a chomhlánú. Is sárú ar an gComhaontú Tionóntachta é cead a thabhairt do dhuine fásta bogadh isteach i maoin de chuid na Comhairle gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón Rannóg Leithdháiltí. Má dheonaítear cead i scríbhinn, déanfar athbhreithniú ar an gcíos ansin ó dháta an cheada nó ón dáta áitíochta taifeadta, cibé acu is túisce.

**(15) Riaráistí Cíosa**

Sa chás go bhfuil cuntas cíosa faoi riaráistí, ní mór don tionónta teagmháil a dhéanamh le Rannóg Cíosanna Tithíochta na Comhairle láithreach chun an cás a phlé. Féadfar plean bainistíochta fiachais a chur i bhfeidhm lena n-áireofar suim bhreise a íoc leis an ngnáthchíos seachtainiúil atá dlite faoin Scéim seo.

**(16) Cruatan**

Sa chás go dtiocfadh cruatan as cíos a íoc arna ríomh de réir na Scéime, féadfaidh an Chomhairle aontú le suim níos lú a ghlacadh ó thionónta ar feadh tréimhse sonraithe.

**(17) Foirceannadh Tionóntachta**

Ar thionóntacht a fhoirceannadh, ar chúis ar bith, beidh cíos, foghailrátaí agus/nó muirir maoine iomchuí infheidhme suas go dtí an dáta a aistreofar an mhaoin chuig an gComhairle